

Leaving Certificate Accounting

Glossary of Action Verbs

This glossary of action verbs should be used in conjunction with the LC Accounting Specification. This is a valuable resource that should be used to support planning for teaching and learning to ensure the learning is age and stage appropriate.

Action Verb	Students should be able to
Adjust	modify or correct financial entries, balances, or accounts to reflect accurate and updated information
Analyse	study or examine something in detail, break down in order to bring out the essential elements or structure; identify parts and relationships, and to interpret information to reach conclusions and/or make recommendations
Apply	select and use information and/or knowledge and understanding to explain and show/record in the accounts a given situation or real circumstances
Assess	judge, evaluate or estimate the nature, ability, quality or value of something
Calculate	obtain a numerical answer showing the relevant stages in the working
Compare	give an account of the similarities and (or) differences between two (or more) items or situations, referring to both (all) of them throughout
Demonstrate	give an explanation, illustrating with examples or practical application in the accounts
Evaluate (data/Information)	collect and examine data to make judgements and appraisals; describe how evidence supports or does not support a conclusion in an inquiry or investigation; identify the limitations of data in conclusions; make judgments about the ideas, solutions or methods
Examine	look closely at arguments, data, information and/or stories in order to uncover origins, assumptions, perspectives, trends and/or relationships
Explain	to clearly convey information, concepts, or processes in a way that ensures understanding, often by breaking them down into simpler terms and illustrating key points using examples, where appropriate
Extract	to balance the ledger accounts and take out the closing balances to allow the preparation of a trial balance
Identify	recognise patterns, facts, examples or details; provide an answer from a number of possibilities; recognise and state briefly a distinguishing fact or feature
Investigate	observe, study or examine in detail in order to establish facts, and reach new insights and/or conclusions
Interpret	use knowledge and understanding to recognise trends and draw conclusions from given information
Model	represent an idea, structure, process or system through a variety of means such as words, diagrams, equations, physical models or simulations; use models to describe, explain, make predictions and solve problems, recognising that all models have limitations
Outline	give the main points, restricting to essential pieces of information
Prepare	the process of systematically calculating, compiling, organising, and presenting financial information both manually and digitally
Recognise (data/information)	identify facts, characteristics or concepts that are critical (relevant/appropriate) to the understanding of a situation, event, process or phenomenon
Record	document a financial transaction in the accounting cycle, ensuring that it is accurately calculated and entered in the appropriate accounts or ledgers. This involves applying manual and digital skills to determine the correct amounts

Cuntasaíocht na hArdteistiméireachta

Gluais de Bhriathra Gnímh

Ní mór an ghluais seo de bhriathra gnímh a úsáid in éineacht leis an tSonraíocht Churaclaim le haghaidh Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta. Is acmhainn luachmhar í seo ba cheart a úsáid chun tacú le pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim chun a chinntiú go bhfuil an fhoghlaim aisoiriúnach agus céimoiriúnach.

Briathar gnímh	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí
Aithin (sonraí/faisnéis)	fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint a shainaithint.
Anailísigh	staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí agus/nó moltaí a dhéanamh.
Asbhain	na cuntais mhórleabhair a chomhardú agus na hiarmhéideanna deiridh a bhaint chun comhardú trialach a ullmhú.
Coigeartaigh	iontrálacha airgeadais, iarmhéideanna nó cuntais a mhodhnú nó a cheartú chun faisnéis chruinn agus nuashonraithe a léiriú.
Cuir i bhfeidhm	faisnéis agus/nó eolas agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun cás tugtha nó fíorchúinsí a mhíniú agus iad sin a thaispeáint/a thaifeadadh sna cuntais.
Déan comparáid	cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí agus (nó) difríochtaí idir dhá rud nó cás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu (dóibh uile) síos tríd.
Iniúch	breathnú, staidéar nó scrúdú a dhéanamh go mion chun fíricí a chinntiú, agus teacht ar léargais agus/nó conclúidí nua.
Léirmhíniigh	eolas agus tuiscint a úsáid chun treochothaí a aithint agus teacht ar chonclúidí ó fhaisnéis a thugtar.
Meas	nádúr, cumas, cáilíocht nó luach ruda a mheas, a mheasúnú nó breithiúnas a thabhairt ina thaobh.
Measúnaigh (sonraí/faisnéis)	sonraí a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta sonraí i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna.
Mínigh	faisnéis, coincheapa nó próisis a chur in iúl go soiléir ar bhealach lena gcinntítear tuiscint, ach í nó iad a bhriseadh síos go minic i dtéarmaí níos simplí agus príomhphointí a léiriú agus samplaí á n-úsáid, nuair is cuí.
Ríomh	teacht ar fhreagra uimhriúil, ag taispeáint na gcéimeanna cuí san oibriú amach.
Sainaithin	patrúin, fíricí, samplaí nó mionsonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíric nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair.
Samhaltaigh	smaoineamh, struchtúr, próiseas nó córas a léiriú trí mhodhanna éagsúla amhail focail, léaráidí, cothromóidí, samhla físiúla nó ionsamhlúcháin; samhla a úsáid le cur síos, míniú, tuartha a dhéanamh agus fadhbanna a réiteach, agus é á aithint go mbaineann teorainneacha le gach samhail.
Scrúdaigh	breathnú go grinn ar argóintí, sonraí, faisnéis agus/nó scéalta d'fhonn bunús, barúlacha, peirspictíochtaí, treochothaí agus/nó caidrimh a nochtadh.
Tabhair breac-chuntas	na príomhphointí a thabhairt, gan ach na píosaí faisnéise riachtanacha a thabhairt.
Taifead	idirbheart airgeadais a dhoiciméadú sa timthriall cuntasaíochta, agus é á chinntiú go ndéantar é a ríomh agus a chur isteach go cruinn sna cuntais nó sna mórleabhair chuí. Is éard atá i gceist leis sin scileanna láimhe agus digiteacha a úsáid chun na méideanna cearta a fháil amach.
Taispeáin	míniú a thabhairt, agus é a léiriú le samplaí nó feidhm phraiticiúil sna cuntais.
Ullmhaigh	an próiseas a bhaineann le faisnéis airgeadais a ríomh, a thiomsú, a eagrú agus a chur i láthair go córasach, de láimh agus go digiteach araon.